Achoimre ar Thuairisc Fhéinmheastóireachta Scoile.
Litearthacht-Scoil Fhursa
Meán Fómhair 2018-Meitheamh 2019

Achoimhre ar Láidreachtaí na Scoile	• *Tá léitheoireacht na Gaeilge go láidir sa scoil.* • *Bíonn torthaí maithe ón Drumcondra sa Ghaeilge-Taispeánann na trialacha chaighdeánaithe léitheoireachta seo go bhfuil na páistí ar fad ag baint amach leibhéal níos fearr ná an noirm náisiúnta. Tá 84% de na páistí idir an 51ú – 99ú percentile. Ta 31% de na páistí ag 85ú percentile nó os a chionn.* • *Tá na páistí ag deánamh na hábhair eile trí mheán na Gaeilge.* • *Déanann formhór na bpáistí iarracht mhaith Gaeilge a labhairt.* • *Tá caighdeán reasúnta maith ann ó thaobh cúrsaí scríbhneoireachta.* • *Roinnt mhaith tuismitheoirí ag labhairt roinnt Gaeilge sa bhaile, roinnt go raibh tuismitheoir amháin ar a laghad le Gaeilge reasúnta maith.* • *Múintear gramadach na Gaeilge i ngach rang.* • *Tá réimse leathan ábhar léitheoireachta Gaeilge sa scoil, agus é céimnithe go maith.*
Réimsí forbartha	• Fócail agus frásaí Béarla a laghdú le linn ábhair eile. • *Feabhas a chur ar Ghaeilge sa chlós.* • *Béim a chur ar éisteacht agus labhairt na Gaeilge.* • *Cóipleabhar crua a bheith ag gach páiste ag dul ó rang go rang don ghramadach.* • *Córas scoile gramadaí a chur i bhfeidhim ag tosnú i rang a 2. (Sean Breatnach-Gluais Liom)* • *Peannaireacht ceangailte a dhéanamh*.
Ní mór aghaidh a thabhairt ar na riachtanais reachtúla agus rialachais seo a leanas:	-Athbhreithniú a dhéanamh ar an gCód Iompar chun go mbeadh sé ag réiteach le *Cód Iompar a Fhorbairt Treoirlínte do Scoileanna (an Bord Náisiúnta Leasa Oideachais)* -An Polasaí Frithbhulaíochta nua atá againn a athscríobh chun go mbeadh sé ag réiteach le Imlitir 45/2013. -Athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiú an Pholasaí Frithbhulaíochta.